# Aireagáin arb iad Páistí a Spreag iad

Ar nós na n-aireagóirí atá feicthe agat san fhíseán, tá go leor daoine óga in Éirinn a bhfuil smaointe maithe acu faoi conas an domhan seo a fheabhsú. Léigh cuntas ar chuid de na daoine óga agus faoin tionchar atá acu.

## Córas Scagacháin bunaithe ar Bhlaoscanna Uibhe




Ba é Seán Byrne ó Choláiste Pobail na Craobhaí i gContae Chill Mhantáin a rug leis an Gradam Eolaíochta don Fhorbairt in 2019 ag Taispeántas Eolaí Óig agus Teicneolaíochta BT.

Sa tionscadal a rinne sé, féachtar ar chóras scagacháin bunaithe ar bhlaoscanna uibhe (uirlis atá in ann solaid a scaradh ó leachtanna) chun ceimiceáin a bhaint as an uisce. An uirlis a cheap sé, tá sí in ann micreaphlaistigh (píosaí Agus é ina aidhm aige cur leis an tuiscint a bhíonn ag scoláirí ar an domhan mór agus ar an ról atá acu féin mar shaoránaigh dhomhanda, tá Cúnamh Éireann tar éis €5,000 a chur ar fáil do na Gradaim Eolaíochta ar mhaithe le Forbairt le 14 bliana anuas chun scoláirí a spreagadh le smaointe a chur i láthair a chabhróidh leis an bpobal.

Anois, beidh Seán agus a mhúinteoir in ann taisteal chun na hAfraice le Self Help Africa in 2020 chun an t-aireagán a thástáil ar an láthair!

## Beartán Sonais



Tháinig James Corneille, atá 18 mbliana d'aois, ar smaoineamh faoi bheartáin a líonadh le rudaí deasa chun dea-ghiúmar a chur ar dhaoine!

Líontar beartán beag le rudaí cosúil le tae a chuireann suaimhneas ar dhuine, teachtaireachtaí dearfacha agus earraí eile a chabhróidh le daoine gan a bheith faoi strus! Bheartaigh sé iad a chur le chéile sa chaoi is gur féidir leat Beartán Sonais a chur chuig cairde nó daoine muinteartha leat más rud é go bhfuil an saol ag dul ina gcoinne seal!

Nach iontach an bealach é sin chun cur le folláine daoine!

## Málaí Codlata Marthanais



Nuair a bhí sí 15 bliana d'aois, smaoinigh Emily Duff, a bhí istigh ar chomórtas Eolaí Óig BT, ar mhála codlata inslithe (a choinníonn an teas istigh), a bheadh uiscedhíonach agus dódhíonach, a dhéanamh do dhaoine gan dídean.

Chuir *The Mendicity Institution*, carthanas i lár chathair Bhaile Átha Cliath, spéis sa smaoineamh a bhí aici agus thosaigh siad ag obair le chéile chun na málaí codlata a tháirgeadh. *The Duffily Bag* a thugtar air.

Fiú thosaigh mála codlata Emily ag mearscaipeadh ar fud an idirlín...